Oileán gan Altra

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin easpa cúram leighis ar oileáin na tíre. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An dtuigeann tú iad?

1. achainí _____
2. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte _____
3. seirbhís altranais (altrachta) _____
4. muinín _____
5. cás éigeandála _____
6. iargúlta _____
7. láithreach _____
8. polasaí ceart náisiúnta _____
9. laghdú _____
10. le gairid _____

Anois, féachaigí ar an tuairisc le feiceáil an gcuideodh sin libh. Mura bhfuil sibh cinnte faoi bhrí na bhfocal tar éis na chéad éisteachta, pléigí na focail leis an teagascóir.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus tabhair cuntas gearr don duine in aice leat faoi bhrí ghinearálta na míre. Cén chanúint atá ag na cainteoirí?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cad iad na seirbhísí leighis atá ar fáil ar Inis Oírr agus Inis Toirc faoi láthair?
2. Cad iad na seirbhísí ar mhaith le muintir na n-oileán iad a bheith acu?
3. Cén fáth a bhfuil imní ar Úna Mhic Dhonnachadha?
4. Cad a bhí le rá ag Paddy Crowe?

Ceist 4 Bhí na focail thíos sa tuiseal ginideach sa mhír. Déan iarracht an fhoirm cheart díobh a chur sna bearnaí.

Comhdháil Oileáin na _____ (Éire)
Feidhmeannacht na _____ (Seirbhís) Sláinte
cósta na _____ (tír)

seirbhís _____ (altracht)
teach _____ (altranas)
cás _____ (éigeandáil)
seirbhís _____ (leigheas)

Féach ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 5 '…i gContae Mhaigh Eo…'

Scríobh amach contaetha na tíre agus cuir an focal ***contae*** rompu ansin. Mar shampla:

Maigh Eo *Contae Mhaigh Eo*

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An bhfuil seirbhísí maithe sláinte sa cheantar ina bhfuil tú féin? Mínigh.
2. Cad iad na seirbhísí eile, a cheapann tú, a bheadh in easnamh ar oileáin na tíre?
3. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith i do chónaí ar oileán, dar leat?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1.	achainí	*appeal, petition*
2.	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	*Health Service Executive*
3.	seirbhís altranais (altrachta)	*nursing service*
4.	muinín	*trust*
5.	cás éigeandála	*emergency case*
6.	iargúlta	*remote*
7.	láithreach	*now, presently*
8.	polasaí ceart náisiúnta	*proper national policy*
9.	laghdú	*decline*
10.	le gairid	*recently*

Ceist 2
Tabhair deis do gach beirt an tuairisc a phlé le chéile.
Tá canúint Chonnacht ag na cainteoirí.

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Comhdháil Oileáin na **hÉireann**
Feidhmeannacht na **Seirbhíse** Sláinte
cósta na **tíre**
seirbhís **altrachta**
teach **altranais**
cás **éigeandála**
seirbhís **leighis**

Ceist 5

Cúige Chonnachta	
Gaillimh	Contae na Gaillimhe
Liatroim	Contae Liatroma
Maigh Eo	Contae Mhaigh Eo
Ros Comáin	Contae Ros Comáin
Sligeach	Contae Shligigh
Cúige Laighean	
Baile Átha Cliath	Contae Bhaile Átha Cliath
Ceatharlach	Contae Cheatharlach
Cill Chainnigh	Contae Chill Chainnigh
Cill Dara	Contae Chill Dara
Cill Mhantáin	Contae Chill Mhantáin
An Iarmhí	Contae na hIarmhí
Laois	Contae Laoise
Loch Garman	Contae Loch Garman
An Longfort	Contae an Longfoirt
Lú	Contae Lú
An Mhí	Contae na Mí
Uíbh Fhailí	Contae Uíbh Fhailí

Cúige Mumhan	
Ciarraí	Contae Chiarraí
An Clár	Contae an Chláir
Corcaigh	Contae Chorcaí
Luimneach	Contae Luimnigh
Port Láirge	Contae Phort Láirge
Tiobraid Árann	Contae Thiobraid Árann
Cúige Uladh	
Aontroim	Contae Aontroma
Ard Mhacha	Contae Ard Mhacha
An Cabhán	Contae an Chabháin
Doire	Contae Dhoire
An Dún	Contae an Dúin
Dún na nGall	Contae Dhún na nGall
Fear Manach	Contae Fhear Manach
Muineachán	Contae Mhuineacháin
Tír Eoghain	Contae Thír Eoghain

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá achainí déanta ag Comhdháil Oileáin na hÉireann ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seirbhís cheart altranais a chur ar fáil do na hoileáin ar chósta na tíre. Níl aon chúram baile ar fáil do mhuintir Inis Oírr in Árainn agus ní bhíonn altra ar fáil ach dhá lá sa tseachtain anois. Níl aon seirbhís altrachta ar Inis Toirc i gContae Mhaigh Eo anois ach an oiread.

Sinéad Ní Neachtain
Tá Úna Mhic Dhonnachadha ag súil a máthair a thabhairt abhaile as an teach altranais le linn na Nollag ach tá imní uirthi mar nach bhfuil aon chúram baile ar fáil níos mó in Inis Oírr.

Úna Mhic Dhonnachadha, Inis Oírr
Níl mórán, sórt, muiníne againn as faoi láthair agus is cúis mhór imní é; dom féin go pearsanta. Tá mo mháthair tinn agus tá píosa maith déanta san ospidéal anois aici, agus ó thaobh í a thabhairt abhaile is rud, *you know*, bheadh súil agat go mbeadh an tacaíocht sin ann, go háirithe ar oileán, go mbeadh daoine in ann brath ar an tseirbhís. Tá dochtúir againn ach téann seisean go hInis Meáin freisin, agus an mhaidin a théann seisean go hInis Meáin ní bhíonn aon … bíonn an áit seo fágtha gan chlúdach.

Sinéad Ní Neachtain
Tá an pobal ag iarraidh go gcuirfeadh an Fheidhmeannacht seirbhísí cearta ar fáil mar gurb iad na daoine atá siar leis.

Paddy Crowe, Bainisteoir Chomhar Chaomháin, Inis Oírr
Bhuel, tá muid ag iarraidh na feidhmeannaigh, ó mhí an Aibreáin, breathnú amach dúinn agus ba cheart dóibh, agus níl freagra faighte agam, níl freagra go fóill faighte agam céard a dhéanfaidh muid fiú amháin i gcás éigeandála, ar an oileán nuair nach bhfuil clúdach ann. Tádar[1] an-mhall ag déanamh suas a n-intinn, céard é (atá) ceart don oileán. Tá siad ag rá linn nach bhfuil an méid sin clúdaigh ag teastáil uainn. Tá siad ag smaoineamh ar cén chaoi a ritheann siad áiteanna istigh ar an mórthír. Ní ar an mórthír atá muid, tá muid in áit iargúlta amach sa bhfarraige[2], agus ba cheart go mbeadh córas ceart againn le breathnú amach don chuid seo den oileán.

Sinéad Ní Neachtain
Tá Comhdháil Oileáin na hÉireann ag iarraidh cruinniú láithreach leis an bhFeidhmeannacht le polasaí ceart náisiúnta a leagan amach do na hoileáin a chinnteodh go mbeadh seirbhís leighis ar fáil dóibh.

Ní Inis Oírr amháin a bhfuil laghdú tagtha ar sheirbhísí altrachta le gairid. Tá muintir Inis Toirc ag troid le seirbhís altrachta a fháil freisin; tá siad fágtha gan aon altra ón mhí seo caite. Ní raibh an Fheidhmeannacht ar fáil leis an scéal a phlé linn inniu.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4, Inis Oírr, Árainn.

[1] *tádar* = tá siad. Is foirm chanúnach é seo.
[2] *sa bhfarraige* atá i gcanúint Chonnacht, *san fharraige* atá sa Chaighdeán Oifigiúil